# Polasaí um Chosaint Leanaí

## Deire Fómhair 2025

**Inéacs:** Ráiteas um Chumhdach Leanaí

*Child Safeguarding Statement (signed copy in school)*

- Measúnacht Riosca /*Risk Assessment*
- Liosta Seiceála chun an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a Athbhreithniú
  *Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement(completed checklist available in school)*
- Fógra maidir le hAthbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí
  *Notification of Review of the Child Safeguarding Statement*
- Daoine faoi Shainordú – liosta foirne
  *Mandated Persons – staff list*
- Foirm Tuairisce Nótaí
- Foirm Tuairisce

*Report Form Guidelines /Report Form(available on request)*

**Aguisíní**

- Aguisín 01 Réamhrá agus Creat Dlíthiúil
  *Introduction and Legal Framework*
- Aguisín 02 Forais Réasúnta Imní agus An Taibhseach Díobhála
  *Reasonable Grounds for Concern and Threshold of Harm*
- Aguisín 03 Achoimre ar Choimeád Taifead
  *Summary of Record Keeping Requirements*
- Aguisín 04 Ag Deighleail le Nochtaithe ó Leanaí
  *Dealing with Disclosures from Children*
- Aguisín 05 Achoimre ar Nósanna Imeachta Tuairisciú
  *Summary of Reporting Procedures*
- Aguisín 06 Cód Iompair
  *Code of Behaviour*

**Foinsí Thagartha**

- Children First National Guidance for the Protection & Welfare of Children: *Department of Children and Youth Affairs 2017*
- Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017: *An Roinn Oideachais & Scileanna*
- Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017: *Department of Education & Skills*

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

## Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is bunscoil/scoil speisialta/iar-bhunscoil í Gaelscoil Liatroma a sholáthraíonn oideachas bunscoile/iar-bhunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

2 Is í Caitríona Ní Dhálaigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

3 Is í Ciara Ní Mhathúna (Sealadach) an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

4 Is í Caitríona Ní Dhálaigh an Duine Ábhartha
*(Duine ábhartha is ea an duine ar féidir leis/léi eolas a sholáthar maidir leis an mbealach ar forbraíodh an ráiteas um chumhdach leanaí agus a bheidh ábalta an ráiteas a sholáthar má iarrtar é. I suíomh scoile, is é an duine ábhartha an DIA.)*

5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus

- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 22ú Deire Fómhair 2025.

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 22ú Deire Fómhair 2025.

Síniú: ______________________ Síniú: C. Ní ______________

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta    An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 22ú Deire Fómhair 2025    Dáta: 22ú Deire Fómhair 2025

**Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí**

Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le Gaelscoil Liatroma

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023),* seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar Gaelscoil Liatroma.

| MEASÚNACHT RIOSCA | | | |
|---|---|---|---|
| **Liosta na nImeachtaí Scoile** | **Leibhéal riosca** | **D'aithin an scoil na rioscaí díobhála seo a leanas a mbainfidh leis na himeachtaí seo** | **Tá na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ag an scoil le dul i ngleic leis na rioscaí díobhála a aithníodh sa mheasúnacht seo** |
| Oiliúint d'Fhoireann na Scoile i faoi chúrsaí Cosaint Leanaí | Ard | Gan riosca díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | *'Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil do gach ball foirne<br>DIA & Leas-DIA le freastal ar chúrsa inseirbhíse lae an pdst<br>Foireann iomlán le clár r-fhoghlama Túsla *'Introduction to Children First'* & clár rfhoghlama *'Cosaint Leanaí'* an pdst a chomhlíonadh |
| Múinteoireacht Ranga | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Fuinneog gloine sa doras<br>Treoirlínte an Chomhairle Múinteoireachta: *Code of Professional Conduct for Teachers* |
| Múinteoireacht duine ar dhuine<br>• Obair Thacaíochta Foghlama<br>• Cruinniú leis an bPríomhoide<br>• Cóitseáil srl. | Meánach | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil srl. a bheith ar siúl | Fuinneog gloine sa doras<br>Bord idir an pháiste agus an múinteoir<br>Doras a bheith ar oscailt |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Earcú Baill foirne na scoile,<br>• Múinteoirí<br>• CRS<br>• Airíoch<br>• Rúnaí<br>• Múinteoirí Páirtaimseartha<br>• Múinteoirí Ionadaíochta | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint leanaí<br>Gnáthnósanna seiceála ar nós tagairtí a iarraidh & a fhiosrú agus aon bhearnaí nár míníodh sa cv a chinntiú<br><br>*'Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil do gach ball foirne<br>Clár r-fhoghlama Túsla *'Introduction to Children First'* & clár r-fhoghlama *'Cosaint Leanaí'* an pdst a chomhlíonadh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mic Léinn ar Shocrúchán Scoile | Íseal | An riosca go ndéanfadh Mac Léinn díobháil do leanbh sa scoil | Grinnfhiosrúchán & Oiliúint Cosaint Leanaí ón gColáiste Oiliúna.<br>Polasaí scoile Múinteoir Ranga i láthair. Mic Léinn faoi chúram/maoirseoireacht an Mhúinteora i gcónaí. |
| Mic Léinn ar Thaithí Oibre | Íseal | An riosca go ndéanfadh Mac Léinn díobháil do leanbh sa scoil | Polasaí scoile Múinteoir Ranga i láthair. Mic Léinn faoi chúram/maoirseoireacht an Mhúinteora i gcónaí. |
| Cuairteoirí sa seomra ranga<br>• Séiplíneach Scoile<br>• Oiliúnóirí Spóirt<br>• Teagascóirí Seachtracha<br>• Aoichainteoirí<br>• Oibrithe Deonacha | Íseal | An riosca go ndéanfadh cuairteoirí chun an seomra ranga díobháil do leanbh sa scoil | Múinteoir Ranga le bheith i láthair nuair a bhíonn cuairteoirí/teagascóirí seachtaracha & a leithéid sa rang.<br><br>Grinnfhiosrúchán an Gharda nuair is cuairteanna leanúnach seachas cuairteanna aon uaire atá i gceist. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuairteoirí ar láthair na scoile<br>• Tuismitheoirí<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae<br>• Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile | Meánach | An riosca go ndéanfadh cuairteoirí ar láthair na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Cuairteoirí le síniú isteach in oifig an rúnaí agus cárta aitheantais le taispeáint, más ábhartha<br>Leanaí faoi chúram múinteora i gcónaí<br>Seoltar leanaí i mbeirteanna má tá siad ag imeacht ón rang le dul ar theachtaireachtaí |
| Glantóirí Conartha | Ard | An riosca go ndéanfadh Glantóirí Conartha díobháil do leanbh sa scoil | Gan glantóirí a bheith ag tosú go dtí a 2.30pm<br>Grinnfhiosrúchán an Gharda – faighte ó na Conarthóirí<br>Múinteoirí freagrach as cúram na bpáistí a bhíonn ag tabhairt faoi imeachtaí iar-scoile & ag déanamh feitheoireacht orthu i rith an ama. |
| Cúram do pháistí le Riachtanais Speisialta | Ard | An riosca do ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu | Tá beartas Riachtanas Speisialta Oideachais ag an scoil |
| Cúram do pháistí a bhíonn tinn, a fhliuchann iad féin nó a bhfuil riachtanais dlúthphearsanta acu | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh i suíomh leochaileach agus dlúthchúram á fháil ag an leanbh | *Polasaí ar Dhlúthchúram*<br>**** le dréachtadh* |
| Na Leithris<br>• i rith am ranga<br>• i rith am sosa/lóin | Ard | An riosca go mbeadh iompar mí-oiriúnach ar siúl ag na leanaí<br>An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil<br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach | Polasaí dul go dtí an leithreas ranga & am sosa/lóin<br>Freagrachtaí maoirseoireachta an mhúinteora |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Teacht & Imeacht na ndaltaí ón Scoil<br>*Am oscailte/dúnta scoile* | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míoiriúnacha idir an leanbh agus leanbh níos sine nó duine fásta ar chlós/láthair na scoile. | Feitheoireacht clóis maidine 10 nóiméad roimh am tosaithe (clós sóisearach & sinsearach)<br>Tá beartas maoirseachta ar an gclós le linn tionóil agus am imeachta na ndaltaí - múinteoirí ag siúl amach go dtí leis na páistí ag deireadh an lae |
| Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG agus Bí Sabháilte san áireamh | Íseal | A riosca nach ndéantar an curaclam OSPS a mhúineadh | Cuireann an scoil an Churaclam – OSPS, OCG agus an Clár Bí Sabháilte ar fáil ina iomláine. |
| Am sosa/ Am lóin | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach | Tá beartas maoirseachta ar an gclós ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí le linn am sosa agus am lóin. Tá socruithe maoirseaoireachta ar leith ann do laethannta báistí agus nuair a bhíonn múinteoir béal dorais ag glacadh sos lóin luath. |
| Traenáil/Cluichí Iar-scoile<br>• Peil na mBuachaillí<br>• Peil na gCailíní<br>• Iomáint<br>• Camógaíocht<br>• Lúthchleasaíocht | Meánach | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile nó tuismitheoir díobháil do leanbh sa scoil<br>Ag cluichí/imeachtaí lasmuigh den scoil: An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míoiriúnacha idir an leanbh agus leanbh nó duine fásta gan aithne. | Faoi mhaoirseaireacht/cúram ball d'fhoireann na scoile. Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015<br><br>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta ar thuismitheoirí a chuidíonn leis an traenáil. |
| Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar | Tá polasaí scoile agus nósanna imeachta soiléire ag an scoil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| • Turais Ranga<br>• Siúlóidí lasmuigh den scoil<br>• Coirm<br>• Scór na mBunscoileanna<br>• Cóirthrádáil<br>• Feis Shligigh<br>• Turais Scoile | | gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míoiriúnacha idir an leanbh agus leanbh nó duine fásta gan aithne/stáinséara.<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | maidir le Turais Scoile/gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí le linn turais scoile & imeachtaí eile a thárlaíonn lasmuigh den scoil – maoirseoireacht, cúram, freagrachtaí srl. - |
| Ranganna Gleacaíochta/spoirt | Íseal | An riosca go ndéanfadh an múinteoir gleacaíochta díobháil do leanbh sa scoil<br><br>Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>*'Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil do gach ball foirne<br>Múinteoir Ranga i láthair le linn an rang gleacaíochta |
| Spórt le Traenálaí ón Gclg AGUS EILE | Íseal | An riosca go ndéanfadh an traenálaí díobháil do leanbh sa scoil | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – déanta ag an CLG & inghlactha ag Patrún na Scoile<br>Múinteoir Ranga i láthair le linn an ranga/seisiún traenála |
| Ceachtanna Snámha | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann seirbhísí fóillíochta dlr nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i gceachtanna snámha | Tá polasaí scoile agus nósanna imeachta soiléire ag an scoil maidir le ceachtanna snámha – maoirseoireacht, gléasadh agus iompar san áireamh. |
| Imeachtaí Scoile<br>• Lá Spóirt<br>• Céilí<br>• Tráth na gCeist<br>• Tionóil<br>• Ceolchoirmeacha srl. | Meánach | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar mhaoirseoireacht nach bhfuil leordhóthanach | Tá beartas maoirseachta agus nósanna imeachta soiléire ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí i rith gníomhaíochtaí scoile ar nós lá spóirt, céilí, tionól srl. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáid Áiseanna nach bhfuil ar láthair na scoile | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht leordhóthanach ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí nach | Tá beartas maoirseachta agus nósanna imeachta soiléire ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí i rith gníomhaíochtaí pé áit a bhfuil |
| | | bhfuil ar láthair na scoile | sé ar siúl agus an daltaí/na daltaí faoi chúram an mhúinteora/na scoile. |
| Cúram Páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu<br>• Daltaí ó mhionlaigh eitneacha nó imircigh<br>• An Lucht Siúil<br>• Daltaí ó Mhionlaigh Chreidimh<br>• Daltaí faoi chúram an Stáit<br>• Daltaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí | Íseal | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí Frithbhulaíochta: cuirtear polasaí frithbhulaíochta na scoile i bhfeidhm<br>Cód Iompair – Tá cóid iompraíochta ag an scoil do na daltaí |
| Bainistíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí | Ard | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil<br>Riosca go ngortófaí nó go ndéanfaí díobháil do dhaltaí nó baill foirne | Polasaí Sláinte & Sábháilteacht<br>Cód Iompair na Scoile<br>*Polasaí úsáid srianta*<br>*** *le dréachtadh* |
| Cosc a chur ar bhulaíocht agus déileáil leis | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí Frithbhulaíochta: cuirtear polasaí frithbhulaíochta na scoile i bhfeidhm<br>Cód Iompair – Tá cóid iompraíochta ag an scoil do na daltaí |
| Daltaí LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT (LGBT) | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí Frithbhulaíochta: cuirtear polasaí frithbhulaíochta na scoile i bhfeidhm<br>Cód Iompair – Tá cóid iompraíochta ag an scoil do na daltaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Imeachtaí Thiomsú Airgid a bhfuil daltaí páirteach iontu<br>• Siúlóid Scoile<br>• Canadh Carúil Nollag srl. | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht leordhóthanach ar leanaí | Múinteoirí/Tuismitheoirí (Cumann na dTuismitheoirí) freagrach as maoirseoireacht leordhóthanach a dhéanamh ar na leanaí ag na himeachtaí seo lena chinntiú nach gcuirtear iad i mbaol. |
| Tabhairt Amach Leighis – dáileadh cógais | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Tá polasaí /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh cógais ar dhaltaí |
| Garchabhair | Íseal | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil | Tá polasaí /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh na Garchabhrach |
| Grianghraif Scoile | Meánach | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó duine fásta gan aithne trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile | Nósanna imeachta maidir le foilsiú griangraif ar shuíomh ghréasáin na scoile, nuachtlitreacha, iriseáin srl. Gan aon eolas phearsanta a fhoilsiú, gan ainmneacha iomlána páistí a chur le grianghraif. Cead na dtuismitheoirí a fháil griangraif a úsáid |
| Úsáid Físeáin/Mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile | Íseal | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh tré úsáid mí-oiriúnach a bhaint as taifead scoile<br><br>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí scoile agus nósanna imeachta maidir le taifead ar imeachtaí scoile agus an úsaid a baintear as an taifead sin (taifead ar mhaithe le cúrsaí oideachais & cartlann staire na scoile)<br>Polasaí Frithbhulaíochta & Cód Iompair |
| Úsáid gutháin/fón póca chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile (daltaí) | Íseal | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh | Polasaí scoile maidir le fón Póca<br>Polasaí Frithbhulaíochta &<br>Polasaí TFC na scoile |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáid TFC ag daltaí na scoile | Íseal | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar theacht a bheith aige/aice ar ábhar mí-oiriúnach trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile | Tá beartas TFC ar bun ag an scoil i leith úsáide na TFC ag daltaí |
| Úsáid Iarscoile fhoigneamh na Scoile ag Eagrais Eile | Íseal | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh ar láthair na scoile | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>*'Ráiteas um Chumhdach Leanaí'* na scoile agus cóip de *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017'* a chur ar fáil |
| Úsáid fhoirgneamh na Scoile ag eagrais eile i rith an lae/deireadh seachtaine/saoire<br>• Ranganna Ceoil | Ard | An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh ar láthair na scoile<br>Gan riosca díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú go pras | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>Ceanglais Cosaint Leanaí dá gcuid féin ar an ngrúpa a eagraíonn na ranganna / a |
| | | Gan DIA na scoile a chur ar an eolas | chuireann seirbhís ar fáil do leanaí. Cóip den Ráiteas Cumhdach Leanaí le fail mar chuid den conradh. |

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs a mheasúnaithe riosca seo

agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus n riosca ginearálta

sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de n *Nósanna Imeachta*

*um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach

riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir. Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 22ú Deire Fómhair 2024. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú : ____________________ Dáta: 22ú Deire Fómhair 2025

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú : C. Ní Dhálaigh Dáta: 22ú Deire Fómhair 2025

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

# Child Safeguarding Statement

Gaelscoil Liatroma is a primary school providing primary education to pupils from Junior Infants to Sixth Class. In accordance with the requirements of the Children First Act 2015, Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017, the Addendum to Children First (2019), the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023) and Tusla Guidance on the preparation of Child Safeguarding Statements, the Board of Management of [insert school name] has agreed the Child Safeguarding Statement set out in this document.

9 The Board of Management has adopted and will implement fully and without modification the Department's *Child Protection Procedures for Primary and* Post-Primary Schools *(revised 2023)* as part of this overall Child Safeguarding Statement

10 The Designated Liaison Person (DLP) is Caitríona Ní Dhálaigh

11 The Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP) is Ciara Ní Mhathúna (Sealadach)

12 The Relevant Person is Caitríona Ní Dhálaigh
*(The relevant person is one who can provide information in respect of how the child safeguarding statement was developed and will be able to provide the statement on request. In a school setting the relevant person shall be the designated liaison person.)*

13 The Board of Management recognises that child protection and welfare considerations permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, procedures, practices and activities. In its policies, procedures, practices and activities, the school will adhere to the following principles of best practice in child protection and welfare:

The school will:

- recognise that the protection and welfare of children is of paramount importance, regardless of all other considerations;
- fully comply with its statutory obligations under the Children First Act 2015 and other relevant legislation relating to the protection and welfare of children;
- fully co-operate with the relevant statutory authorities in relation to child protection and welfare matters;
- adopt safe practices to minimise the possibility of harm or accidents happening to children and protect workers from the necessity to take unnecessary risks that may leave themselves open to accusations of abuse or neglect;
- develop a practice of openness with parents and encourage parental involvement in the education of their children; and
- fully respect confidentiality requirements in dealing with child protection matters.

The school will also adhere to the above principles in relation to any adult pupil with a special vulnerability.

14 The following procedures/measures are in place:

- In relation to any member of staff who is the subject of any investigation (howsoever described) in respect of any act, omission or circumstance in respect of a child attending the school, the school adheres to the relevant procedures set out in Chapter 7 of the *Child Protection Procedures for*

*Primary and Post Primary Schools (revised 2023)* and to the relevant agreed disciplinary procedures for school staff which are published on the gov.ie website.

- In relation to the selection or recruitment of staff and their suitability to work with children, the school adheres to the statutory vetting requirements of the National Vetting Bureau (Children and Vulnerable Persons) Acts 2012 to 2016 and to the wider duty of care guidance set out in relevant Garda vetting and recruitment circulars published by the Department of Education and available on the gov.ie website.

- In relation to the provision of information and, where necessary, instruction and training, to staff in respect of the identification of the occurrence of harm (as defined in the 2015 Act) the school-

  - Has provided each member of staff with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
  - Ensures all new staff are provided with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
  - Encourages staff to avail of relevant training
  - Encourages Board of Management members to avail of relevant training
  - The Board of Management maintains records of all staff and Board member training

- In relation to reporting of child protection concerns to Tusla, all school personnel are required to adhere to the procedures set out in the *Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools (revised 2023)*, including in the case of registered teachers, those in relation to mandated reporting under the Children First Act 2015.

- All registered teachers employed by the school are mandated persons under the Children First Act 2015.

- In accordance with the Children First Act 2015 and the Addendum to Children First (2019), the Board has carried out an assessment of any potential for harm to a child while attending the school or participating in school activities. A written assessment setting out the areas of risk identified and the school's procedures for managing those risks is included with the Child Safeguarding Statement.

- The various procedures referred to in this Statement can be accessed via the school's website, the gov.ie website or will be made available on request by the school.

**Note:** The above is not intended as an exhaustive list. Individual Boards of Management shall also include in this section such other procedures/measures that are of relevance to the school in question.

15 This statement has been published on the school's website and has been provided to all members of school personnel, the Parents' Association (if any) and the patron. It is readily accessible to parents and guardians on request. A copy of this Statement will be made available to Tusla and the Department if requested.

16 This Child Safeguarding Statement will be reviewed annually or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which this statement refers.

This Child Safeguarding Statement was adopted by the Board of Management on 22n October 2025.
This Child Safeguarding Statement was reviewed by the Board of Management on 22n October 2025.

| | |
|---|---|
| Signed: [signature] | Signed: C. Ní Dhálaigh |
| Chairperson of Board of Management | Principal/Secretary to the Board of Management |
| Date: 22/10/2025 | Date: 22/10/2025. |

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

## Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Ceanglaítear ar an mBord Bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) go* gcaithfidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus go n-úsáidfear an seicliosta seo a leanas chun na críche sin. **Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain ní chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.** Cinnteofar freisin le tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil go gcomhlíonfaidh scoil a hoibleagáid reachtúil faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach aon dhá bhliain.

Ceapadh an seicliosta mar chabhair d'fhonn tabhairt faoin athbhreithniú sin agus níl sé beartaithe mar liosta uileghabhálach de na saincheisteanna atá le breithniú. Áireofar ar Bhoird Bainistíochta aonair míreanna eile a chur san áireamh sa seicliosta a bhaineann leis an scoil atá i gceist.

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe foriomlán, ba cheart do Bhoird Bainistíochta polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha scoile a mheas i leith a gcomhlíonadh le prionsabail an chleachtais is fearr maidir le cumhdach agus leas leanaí mar atá leagtha amach i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus sna *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).*

| | |
|---|---|
| 1. Ar ghlac an Bord go foirmiúil le Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Ghlac |
| 2. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach gar do phríomhbhealach isteach na scoile? | Tá |
| 3. Mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, ar ghlac an Bord go foirmiúil, gan aon mhodhnú, leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Ghlac |
| 4. An bhfuil measúnú i scríbhinn maidir le riosca mar atá riachtanach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? (Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne mar a cheanglaítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí) | Tá |
| 5. An ndearna an Bord athbhreithniú agus nuashonrú nuair is gá ar an measúnacht scríofa ar riosca mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo? | Rinne |
| 6. Ar cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Riosca an riosca díobhála a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda? | Chuir |

| | |
|---|---|
| 7. Ar fhreastail an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil? | D'fhreastail |
| 8. Ar fhreastail an leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil? | D'fhreastail |
| 9. Ar fhreastail aon bhaill den Bhord ar oiliúint um chosaint leanaí? | D'fhreastail |
| 10. An bhfuil Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha faoi láthair? | Tá |
| 11. An bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha (Tusla agus An Garda Síochána) ar fáil? | Tá |
| 12. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an mBord chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur in iúl do phearsanra nua scoile? | Tá |
| 13. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil pearsanra uile na scoile curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015? | Tá |
| 14. An bhfuair an Bord Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí (TMCL) ón bPríomhoide ag gach cruinniú Boird a tionóladh ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach? | Fuair |
| 15. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar áiríodh an fhaisnéis ar fad a bhí faoi cheangal sa TMCL faoi gach ceann de na 4 cheannteideal a leagtar amach in ailt 9.5 go 9.8 agus an dá alt sin san áireamh, sna nósanna imeachta? | Áiríodh |
| 16. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar soláthraíodh na doiciméid ar fad don Bhord agus ar athbhreithnigh an Bord gach doiciméad a bhaineann leis an TMCL? | Soláthraíodh<br>D'athbhreithnigh |
| 17. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na taifid a tugadh don bhord bainistíochta le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile, an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc san áireamh. | Tá |
| 18. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, an ndearnadh taifead mar is cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird ar na taifid a cuireadh ar fáil don Bhord mar chuid de thuarascáil TMCL? | Rinneadh |
| 19. An dearnadh tuarascáil TMCL a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird? | Rinneadh |
| 20. An bhfuil an Bord sásta gur leanadh na nósanna imeachta um chosaint leanaí go cuí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air? | Tá |
| 21. An bhfuil an Bord sásta, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach, go bhfuiltear ag déanamh gach beart iomchuí nó go ndearnadh gach beart iomchuí i leith aon bhall de phearsanra na scoile a ndearnadh líomhain mí-úsáide nó faillí ina c(h)oinne?* | Tá |
| 22. Nuair ab infheidhme, ar úsáideadh aitheantóirí uathúla chun cúrsaí um chosaint leanaí a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird? | Úsáideadh |
| 23. An bhfuil an Bord sásta go ndéantar gach taifead a bhaineann le cosaint leanaí a chomhdú agus a stóráil go sábháilte? | Tá |
| 24. Ar chuir aon tuismitheoir in iúl don Bhord maidir leis an tuismitheoir sin nach bhfuair an fógra caighdeánach a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Níor chuir |
| 25. Maidir le haon chásanna a sainaithníodh i gceist 20 thuas, ar chinntigh an Bord gur eisigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon fhógraí a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ina dhiaidh sin? | Níor chinntigh mar nach n-oireann i 20 thuas |

| | |
|---|---|
| 26. Ar chinntigh an Bord gur soláthraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó)? | Chinntigh |
| 27. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile curtha ar fáil don phátrún? | Chinntigh |
| 28. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do thuismitheoirí arna iarraidh sin? | Chinntigh |
| 29. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an clár Fan Sábháilte chun feidhme go hiomlán sa scoil? (baineann sé seo le bunscoileanna) | Chinntigh |
| 30. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an Clár Folláine do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chun feidhme ina iomláine sa scoil? (baineann sé seo le hiar-bhunscoileanna) | Ní bhaineann linn. |
| 31. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil? | Chinntigh |
| 32. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)? * | Tá |
| 33. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus an cineál gealltanais comhghaolmhar a sholáthar maidir le daoine a cheaptar i bpoist teagaisc agus neamhtheagaisc?* | Tá |
| 34. An bhfuil an Bord sásta, ó thaobh cosaint leanaí de, go gcuireann an scoil nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin críochnúla i bhfeidhm maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)?* | Tá |
| 35. An ndearna an Bord breithniú agus ar thug sé aghaidh ar aon ghearáin nó moltaí ó thaobh feabhsúcháin maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? | Rinne<br>Níor thug n/a |
| 36. Ar lorg an Bord aiseolas ó thuismitheoirí maidir le comhlíonadh na scoile leis na ceanglais a bhaineann le cumhdach leanaí mar atá de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Lorg |
| 37. Ar lorg an Bord aiseolas ó dhaltaí maidir leis na socruithe um chumhdach leanaí atá ag an scoil? | Lorg |
| 38. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017' á gcur chun feidhme go hiomlán agus go leordhóthanach ag an scoil? | Tá |
| 39. Ar shainaithin an Bord aon ghné de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu? | Níor shainaithin |
| 40. An bhfuil plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord ina bhfuil amlínte iomchuí luaite chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a sainaithníodh a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu? | Ní oireann |
| 41. Ar chinntigh an Bord gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon réimsí le feabhsú mar a sainaithníodh iad in aon athbhreithniú roimhe seo ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? | Chinntigh |

* I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) mar fhostóir is ar an BOO lena mbaineann atá an fhreagracht riachtanais an fhostóra a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an cheist seo a chomhlánú tar éis dul i gcomhairle leis an BOO.

Síniú : ______________________ Dáta: 22|10|2025

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú : C. Ní ______________ Dáta: 22|10|2025

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

**Nóta** : I gcás ina bhfuil scoil atá ag tabhairt faoina céad athbhreithniú, glacfar le tagairtí sa seicliosta seo don "athbhreithniú deireanach" chun tagairt a dhéanamh don dáta ar cuireadh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí i bhfeidhm den chéad uair.

## Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement

The Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023) require that the Board of Management must undertake a review of its Child Safeguarding Statement and that the following checklist shall be used for this purpose. **The review must be completed every year or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which the Child Safeguarding Statement refers.** Undertaking an annual review will also ensure that a school also meets its statutory obligation under section 11(8) of the Children First Act 2015, to review its Child Safeguarding Statement every two years.

The checklist is designed as an aid to conducting this review and is not intended as an exhaustive list of the issues to be considered. Individual Boards of Management shall include other items in the checklist that are of relevance to the school in question.

As part of the overall review process, Boards of Management should also assess relevant school policies, procedures, practices and activities vis a vis their adherence to the principles of best practice in child protection and welfare as set out in the school's Child Safeguarding Statement, the Children First Act 2015, the Addendum to Children First (2019) and the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023).*

| | **Yes/No** |
|---|---|
| 1. Has the Board formally adopted a Child Safeguarding Statement in accordance with the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)*? | Yes |
| 2. Is the Board satisfied that the Child Safeguarding Statement is displayed in a prominent place near the main entrance to the school? | Yes |
| 3. As part of the school's Child Safeguarding Statement, has the Board formally adopted, without modification, the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)*? | Yes |
| 4. Does the school's Child Safeguarding Statement include a written assessment of risk as required under the Children First Act 2015? (This includes considering the specific issue of online safety as required by the Addendum to Children First) | Yes |
| 5. Has the Board reviewed and updated where necessary the written assessment of risk as part of this overall review? | Yes |
| 6. Has the Risk Assessment taken account of the risk of harm relevant to online teaching and learning remotely? | Yes |
| 7. Has the DLP attended available child protection training? | Yes |
| 8. Has the Deputy DLP attended available child protection training? | Yes |
| 9. Have any members of the Board attended child protection training? | Yes |
| 10. Has the school appointed a DLP and a Deputy DLP? | Yes |
| 11. Are the relevant contact details (Tusla and An Garda Síochána) to hand? | Yes |
| 12. Has the Board arrangements in place to communicate the school's Child Safeguarding Statement to new school personnel? | Yes |
| 13. Is the Board satisfied that all school personnel have been made aware of their responsibilities under the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)* and the Children First Act 2015? | Yes |
| 14. Has the Board received a Principal's Child Protection Oversight Report (CPOR) at each Board meeting held since the last review was undertaken? | Yes |
| 15. Since the Board's last review, did each CPOR contain all of the information required under each of the 4 headings set out in sections 9.5 to 9.8 inclusive of the procedures? | Yes |
| 16. Since the Board's last review, has the Board been provided with and reviewed all records relevant to the CPOR? | Yes |
| 17. Is the Board satisfied that the records provided are anonymised and redacted as necessary to ensure that the identities of children and any other parties, including school personnel, to whom the concern or report relates are not disclosed? | Yes |

| | |
|---|---|
| 18. Since the Board's last review, have the minutes of each Board meeting appropriately recorded the records provided to the Board as part of CPOR? | Yes |
| 19. Have the minutes of each Board meeting appropriately recorded the CPOR? | Yes |
| 20. Is the Board satisfied that the child protection procedures in relation to the making of reports to Tusla/An Garda Síochána were appropriately followed in each case reviewed? | Yes |
| 21. Is the Board satisfied that, since the last review, all appropriate actions are being or have been taken in respect of any member of school personnel against whom an allegation of abuse or neglect has been made?* | Yes |
| 22. Where applicable, were unique identifiers used to record child protection matters in the Board minutes? | Yes |
| 23. Is the Board satisfied that all records relating to child protection are appropriately filed and stored securely? | Yes |
| 24. Has the Board been notified by any parent in relation to that parent not receiving the standard notification required under section 5.6 of the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)*? | No |
| 25. In relation to any cases identified at question 20 above, has the Board ensured that any notifications required under section 5.6 of the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)* were subsequently issued by the DLP? | N/A |
| 26. Has the Board ensured that the Parents' Association (if any), has been provided with the school's Child Safeguarding Statement? | Yes |
| 27. Has the Board ensured that the patron has been provided with the school's Child Safeguarding Statement? | Yes |
| 28. Has the Board ensured that the school's Child Safeguarding Statement is available to parents on request? | Yes |
| 29. Has the Board ensured that the Stay Safe programme is implemented in full in the school? (applies to primary schools) | Yes |
| 30. Has the Board ensured that the Wellbeing Programme for Junior Cycle students is implemented in full in the school? (applies to post-primary schools) | N/A |
| 31. Has the Board ensured that the SPHE curriculum is implemented in full in the school? | Yes |
| 32. Is the Board satisfied that the statutory requirements for Garda Vetting have been met in respect of all school personnel (employees and volunteers)? * | Yes |
| 33. Is the Board satisfied that the Department's requirements in relation to the provision of a child protection related statutory declaration and associated form of undertaking have been met in respect of persons appointed to teaching and non-teaching positions?* | Yes |
| 34. Is the Board satisfied that, from a child protection perspective, thorough recruitment and selection procedures are applied by the school in relation to all school personnel (employees and volunteers)?* | Yes |
| 35. Has the Board considered and addressed any complaints or suggestions for improvements regarding the school's Child Safeguarding Statement? | Yes |
| 36. Has the Board sought the feedback of parents in relation to the school's compliance with the requirements of the child safeguarding requirements of the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)*? | Yes |
| 37. Has the Board sought the feedback of pupils in relation to the school's child safeguarding arrangements? | Yes |
| 38. Is the Board satisfied that the '*Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools Post-Primary Schools (revised 2023)* are being fully and adequately implemented by the school? | Yes |
| 39. Has the Board identified any aspects of the school's Child Safeguarding Statement and/or its implementation that require further improvement? | No |
| 40. Has the Board put in place an action plan containing appropriate timelines to address those aspects of the school's Child Safeguarding Statement and/or its implementation that have been identified as requiring further improvement? | N/A |

| | |
|---|---|
| 41. Has the Board ensured that any areas for improvement that were identified in any previous review of the school's Child Safeguarding Statement have been adequately addressed? | Yes |

*In schools where the ETB is the employer, the responsibility for meeting the employer's requirements rests with the ETB concerned. In such cases, this question should be completed following consultation with the ETB.

Signed ________________ Date 22nd October 2025
Chairperson, Board of Management

Signed ________________ Date 22nd October 2025
Principal/Secretary to the Board of Management

**Note**: Where a school is undertaking its first review, references in this checklist to the "last review" shall be taken to refer to the date on which the Child Safeguarding Statement was first put in place

## Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Chuig:________________________________

**Is mian le Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma an méid a leanas a chur in iúl duit:**

- **Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 22/10/2025.**
- Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie

**Síniú :**________________ **Dáta:** 22ú Deire Fómhair 2025
An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

**Síniú** ________________ **Dáta** 22ú Deire Fómhair 2025
An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

## Notification regarding the Board of Management's review of the Child Safeguarding Statement

To:________________________________

The Board of Management of Gaelscoil Liatroma wishes to inform you that:

- The Board of Management's annual review of the school's Child Safeguarding Statement was completed at the Board meeting of 22/10/2025.
- This review was conducted in accordance with the "Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement" published on the gov.ie website

Signed________________________________ Date 22nd October 2025

Chairperson, Board of Management

Signed ________________________________ Date 22nd October 2025
Principal/Secretary to the Board of Management

# Foireann Gaelscoil Liatroma 2025/2026

## Daoine Sainorduithe

- An Príomhoide Caitríona Ní Dhálaigh
- Leas-Phríomhoide
- An Múinteoir Ciara Ní Mhathúna
- An Múinteoir Donncha Mac an Chrosáin
- An Múinteoir Irene Uí Bhriain
- An Múinteoir Ilona Fletcher
- An Múinteoir Aoife Ní Chatháin
- An Múinteoir Máire de Bhrúin
- An Múinteoir Méabh Bean Mhic Choinnigh & Rónán Ó Riagáin
- An Múinteoir Lorraine Mhic Thiarnáin
- An Múinteoir Tacaíocht Foghlama Claire Nic Giolla Bhriain
- An Múinteoir Tacaíocht Foghlama

## Daoine Nach Bhfuil Sainorduithe

- An Cuntóir Riachtanais Speisialta Hilary Mhic Lochlainn
- An Cuntóir Riachtanais Speisialta Darragh Singleton
- An Cuntóir Riachtanais Speisialta Carmel Uí Allúin
- An Cuntóir Riachtanais Speisialta Deirdre Ní Mháirtín
- An Rúnaí Oifige Loretta Ní Ghallachobhair
- An Glantóir Annette Auhl
- An Glantóir Katarzayna Galin
- An Airíoch Aidan Mac Cába

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

## Réamhrá & Creat Dlíthiúil

### An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Cuirtear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, gnéithe áirithe de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 ar bhonn reachtúil. Soláthraíonn sé do roinnt príomhbheart cosanta leanaí a bhaineann le scoileanna agus le múinteoirí cláraithe, lena n-áirítear:

- Oibleagáid reachtúil ar scoileanna leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí a ullmhú agus a chur ar taispeáint
- Oibleagáid reachtúil ar mhúinteoirí cláraithe imní faoi chosaint leanaí ag tairseach shainmhínithe nó os a cionn a thuairisciú do Tusla
- Oibleagáid reachtúil ar dhaoine sainordaithe chun cabhrú le Tusla sa mheasúnú de riosca cosanta linbh, nuair a iarrann Tusla déanamh amhlaidh de réir an Achta.

Oibríonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 taobh le taobh le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017. Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 na hoibleagáidí reachtúla thuasluaite den Acht agus freisin na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá fós i bhfeidhm i ndáil leis an lucht foirne scoile go léir agus le gach scoil.

Leanann na nósanna imeachta nuashonraithe seo do scoileanna le ceanglas na nósanna imeachta roimhe seo go gcuirfidh lucht foirne scoile, lena n-áirítear múinteoirí cláraithe, an DIA sa scoil ar an eolas faoi aon imní go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh.

Tá oibleagáid reachtúil anois ar gach múinteoir cláraithe, mar dhuine sainordaithe, chun a t(h)uarascáil féin a thabhairt do Tusla sa chás go bhfuil imní cosanta leanaí ag an tairseach dhíobhála nó os a cionn

Tá oibleagáid reachtúil ar scoileanna lena áirithiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil sábháilte ó dhíobháil agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Éilítear ar scoileanna freisin faoi alt 11 den Acht Ráiteas Cosanta Leanaí a ullmhú agus a fhoilsiú.

Ar leithligh ón Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leantar le dualgas cúraim ginearálta a bheith ag gach scoil dá gcuid daltaí.

In aon chás ina bhfaigheann ball den lucht foirne scoile, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, líomhain nó má tá amhras ann go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh, go ndéanfaidh sé nó sí an t-ábhar a thuairisciú don DIA gan mhoill Ní mór dó/di a chinneadh freisin an bhfuil sé riachtanach dó/do tuairisc sainordaithe a dhéanamh do Tusla faoin imní sin. Ceanglaítear leis na nósanna imeachta seo go dtéann an múinteoir cláraithe i dteagmháil leis an DIA

Ní mór do na boird bhainistíochta go léir glacadh go foirmiúil leis na nósanna imeachta athbhreithnithe seo agus iad a chur chun feidhme mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile.

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

# Introduction and Legal Framework

## The Children First Act, 2015

The Children First Act, 2015 put certain elements of the Children First National Guidance 2017 on a statutory footing. It provides for a number of key child protection measures that are relevant to schools and registered teachers including:

- A statutory obligation on schools to keep children safe from harm and to prepare and display a Child Safeguarding Statement
- A statutory obligation on registered teachers to report child protection concerns at or above a defined threshold to Tusla
- A statutory obligation on mandated persons to assist Tusla in the assessment of a child protection risk, where requested to do so by Tusla in accordance with the Act.

The Children First Act, 2015 operates side-by-side with the Children First National Guidance 2017. Children First National Guidance 2017 sets out the above statutory obligations of the Act and also the best practice (non-statutory) obligations which continue to apply to all school personnel and to all schools.

These updated procedures for schools therefore continue the previous procedures' requirement that school personnel, including registered teachers, bring any concern that a child has been, is being, or is at risk of being abused or neglected to the attention of the designated liaison person (DLP) in the school.

Every registered teacher, as a mandated person, now has a statutory obligation to make his or her own report to Tusla where a child protection concern is at or above a threshold of harm as defined in the Act.

Children First Act, 2015 places a statutory obligation on schools to ensure, as far as practicable, that each child attending the school is safe from harm while attending school or otherwise participating in school activities.

Separate to the Children First Act, 2015 all schools continue to have a general duty of care to their pupils in any situation where a member of school personnel, including a registered teacher, receives an allegation or has a suspicion that a child may have been abused or neglected, is being abused or neglected, or is at risk of being abused or neglected, he or she shall without delay report the matter to the DLP

In addition, he or she must also consider whether it is necessary for him or her (i.e. the registered teacher) to make a mandated report to Tusla in respect of that concern. In that regard, these procedures require that the registered teacher shall liaise with the DLP

All boards of management are required to formally adopt and implement these revised procedures as part of the school's Child Safeguarding Statement.

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

# Sainmhíniú agus Aithint Mhí-úsáide Leanaí

## Forais Réasúnta Imní /An Tairseach Díobhála
**Reasonable Grounds for Concern / Threshold of Harm**

## Forais Réasúnta Imní Reasonable Grounds for Concern

Éilítear le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur chóir Tusla a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn forais réasúnta imní ag duine go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh.

Áirítear leis forais réasúnta d'imní cosanta nó leasa faoi leanbh:

- Fianaise (m.sh. gortú nó iompar) ar comhsheasmhach í leis an mí-úsáid agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid ghnéasach fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúchánach nó chorpartha
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid dóibh
- Admháil nó tásc le duine fásta nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mí-úsáid

## An Tairseach Díobhála Threshold of Harm

De réir Alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 is mar seo a leanas an tairseach "díobhála" shainmhínithe maidir le leanbh:

*"harm means, in relation to a child-*

*(a) assault, ill-treatment or neglect of the child in a manner that seriously affects or is likely to seriously affect the child's health, development or welfare, or*

*(b) sexual abuse of the child, whether caused by a single act, omission or circumstance or a series or combination of acts, omissions or circumstances, or otherwise;"*

"ill-treatment" *means, in relation to a child, to abandon or cruelly treat the child, or to cause or procure or allow the child to be abandoned or cruelly treated;"*

"neglect" *means, in relation to a child, to deprive the child of adequate food, warmth, clothing, hygiene, supervision, safety or medical care;"*

"welfare" *includes, in relation to a child, the moral, intellectual, physical, emotional and social welfare of the child"*

## Failí Neglect

Tarlaíonn an fhaillí nuair nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim nó maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil cholanda nó fhorbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, mar a mbíonn sláinte, forbairt nó leas linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta.
Is gnéithe iad seo a leanas den fhaillí linbh:

- Leanaí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, .i. leanbh gan bheith ag méadú ina meáchan; ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin
- Teip chun dóthain cúraim a sholáthar d'éilimh leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Coinníollacha cónaithe neamhdhóthanacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus troscáin leordhóthanaigh
- Easpa éadaí cuí
- Neamhaird don sláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus nochtadh don chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an linbh
- Loiceadh marthanach chun freastal ar scoil
- Tréigean nó fágáil

Sainmhínítear an fhaillí mar *"leanbh a fhágáil gan dóthain bia, teasa, éadaí, sláinteachais, maoirseachta, sábháilteachta nó cúraim leighis".*

Baintear amach an tairseach díobhála nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil faillí déanta ar riachtanais linbh, go bhfuil faillí á déanamh ar riachtanais linbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí faillí ar riachtanais linbh, faillí chomh mór sin go bhfuil sí tar éis dul i gcion, nó go bhfuil sí ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachaidh sí i gcion ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.

## Mí-úsáid Mhothúchánach/Drochíde Emotional Abuse/Ill-Treatment

Is ionann mí-úsáid mhothúchánach agus drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíochta an linbh mar chuid den chaidreamh for-iomlán idir cúramóir agus leanbh. Tarlaíonn an mhí-úsáid nuair nach sásaítear éileamh bunúsach linbh d'aird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil, de bharr éagumais nó neamhshuime óna dtuismitheoirí nó óna gcúramóir.

Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an t-iompar ina ghné choitianta sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir an mhí-úsáid mhothúchánach a aithint i gcuid de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú
- Easpa compoird agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagtha iomchuí (m.sh spraoi agus súgradh)
- Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha
- Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán buanseasmhach ar an leanbh
- Tromaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion don leanbh ar a gcuid iompair nó gníomhartha
- Róchosantacht mhíchuibheasach
- Pionós neamhchorpartha míchuí (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí teaghlaigh leanúnacha agus foréigean teaghlaigh
- Ionchais rí-mhíchuí de leanbh i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Sainmhínítear an drochíde mar: *"leanbh a thréigean nó bheith cruálach le leanbh, nó bheith ina cúis le tréigean nó le drochíde chruálach nó chun iad a sholáthar nó chun ligean dóibh tarlú".*

Baintear amach an tairseach díobhála nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil drochíde déanta ar leanbh, go bhfuil drochíde á déanamh ar leanbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí drochíde ar leanbh, drochíde chomh mór sin go bhfuil sí tar éis dul i gcion, nó go bhfuil sí ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachaidh sí i gcion ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.

## Mí-úsáid Chorpartha **Physical Abuse**

Is ionann an mhí-úsáid chorpartha agus pé uair a dhéanann duine éigin díobháil chorpartha do leanbh d'aontoil nó a chuireann iad i mbaol bheith gortaithe go colanda. Féadann sí tarlú mar theagmhas amháin nó mar phatrún teagmhas.

Bíonn imní réasúnta ann mar a ndéantar, nó mar a bhféadfadh díobháil bheith déanta do shláinte agus/nó forbairt an linbh mar thoradh ar mhí-úsáid chorpartha amhrasach.
Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh leis an mí-úsáid chorpartha:

- Pionós corpartha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, creathadh nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Úsáid an fhórsa iomarcaigh le láimhsiú

- Nimh a thabhairt do dhuine d'aonghnó
- Plúchadh
- Tinneas cumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna ban

Baintear amach an tairseach díobhála, nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil ionsaí déanta ar leanbh, go bhfuil ionsaí á dhéanamh ar leanbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí ionsaí ar leanbh agus, dá thoradh sin, go bhfuiltear tar éis dul i gcion, nó go bhfuiltear ag dul i gcion nó go bhfuil an dealramh ann go rachfar i gcion go tromchúiseach ar shláinte, forbairt nó leas an linbh.

## Drochúsáid Ghnéasach Sexual Abuse

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh dá sásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile.

Áirítear léi baint an linbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó tríd an bpornagrafaíocht.

Ba chóir go meabhrófaí go bhféadann an ghníomhaíocht ghnéasach le duine óg bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an duine óg i gceist í mar mhí-úsáideach.

Áirítear na samplaí seo a leanas leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí:

- Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aontoil i láithreacht linbh
- Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteacht nó ainteagmháil d'aonghnó ar chorp linbh, bíodh sí ag duine nó ag oibiacht éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh
- Glacaireacht i láithreacht linbh nó baint linbh le gníomh glacaireachta
- Comhriachtain ghnéasach le leanbh, bíodh sí ina gnéas béil, faighne nó tóna
- Dúshaothrú gnéasach linbh, lena n-áirítear:
  - Cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh chun bheith páirteach sa striapachas nó i dtáirgeadh na pornagrafaíochta linbh [mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche an spreagtha, an tsásaimh ghnéasaigh nó gnímh ghnéasaigh éigin, lena n-áirítear a thaifeadadh (ar scannán, físteip nó meáin eile) nó mí-ionramháil, chun na gcríoch úd, d'íomhá le ríomhaire nó le bealach éigin eile]
  - Cuireadh a thabhairt do, comhéigniú nó spreagadh do leanbh chun bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil, nó chun féachaint orthu
  - Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, ar minic é ina ghné den phróiseas 'mealltóireachta' ag na daoine a dhéanann mí-úsáid
- Nochtadh linbh d'ábhar míchuí nó mí-úsáideach trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil lena mbaineann duine fásta agus duine faoi aois

Bíonn oibleagáid reachtúil ar mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe tuairisciú chuig Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 nuair a bhíonn eolas, creideamh nó amhras réasúnta aige nó aici go bhfuil drochúsáid ghnéasach déanta ar leanbh, go bhfuil drochúsáid ghnéasach á déanamh ar leanbh no go bhfuil an baol ann go ndéanfaí drochúsáid ghnéasach ar leanbh.

Os rud é go mbaineann gach Mí-úsáid ghnéasach leis an gcatagóir díobhála a théann I gcion go tromchúiseach ar shláinte, leas nó forbairt linbh, ní mór gach ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach a thaisceadh mar thuairisc shainordaithe chuig Tusla.

Nochtuithe maidir le mí-úsáid a fhaightear ó leanbh nó ó dhuine óg - *Leagtar amach i Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 go mbíonn oibleagáid ar dhaoine sainordaithe, sa chás go bhfaigheann siad nochtadh díobhála ó leanbh atá ag nó os cionn na tairsí díobhála tuairisc shainordaithe faoin gcúis imní a dhéanamh chuig Tusla.*

## Tromaíocht

Aithnítear go dtéann an tromaíocht i bhfeidhm ar bheatha líon méadaitheach leanaí, agus is féidir imníocha fíora a ghiniúint léi faoi leas linbh.

Leagtar amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 gur féidir an tromaíocht a shainmhíniú mar ionsaí athfhillteach – bíodh sé íde béile, síceolaíochta nó fisiciúil – a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne daoine eile. Áirítear léi nósanna iompair ar nós ionsaitheachta fisiciúla, an chibearthromaíocht, damáiste do mhaoin, imeagla, leithlisiú/eisiamh, maslú, béadán mailíseach agus sracadh. Is féidir leis an tromaíocht bheith mar mhí-úsáid freisin bunaithe ar aitheantas inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus fachtóirí reiligiúnacha. Is amhlaidh i gcás na bhforbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha gur féidir le leanaí bheith ina n-íospartaigh freisin don tromaíocht neamhtheagmhálach, trí mheán na bhfón póca, an idirlín agus na ngaireas pearsanta eile.

Tá údaráis na scoile freagrach as aghaidh a thabhairt ar an tromaíocht sa scoil. Tá ceanglas ar údaráis scoile cód iompair agus beartas frith-thromaíochta a bheith i bhfeidhm, de réir "Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile" de chuid na Roinne (na Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta) agus ciorcláin 0045/2013.

Sainmhíníonn na Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta tromaíocht mar *"iompar diúltach neamhiarrtha, béil, síceolaíoch nó fisiceach a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne duine eile (nó daoine) agus a athdhéantar le himeacht ama"*. Sa chomhthéacs de na Nósanna Imeachta Frith-thromaíochta meastar gur iompar tromaíochta freisin é "teachtaireacht phoiblí nó íomhá nó ráiteas aon-uaire atá gránna nó mailíseach a chur ar laithreán líonra sóisialta nó ar fhóram poiblí eile is féidir le daoine eile an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil agus/nó a athdhéanamh".

Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile ar an eolas faoi bheartas frith-thromaíochta na scoile agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le haon teagmhas tromaíochta a líomhnaítear.

# Definition and Recognition of Child Abuse

## Reasonable Grounds for Concern / Threshold of Harm
**Forais Réasúnta Imní / An Tairseach Díobhála**

### Reasonable Grounds for Concern **Forais Réasúnta Imní**

The Children First National Guidance 2017 requires that Tusla should always be informed where a person has reasonable grounds for concern that a child may have been, is being, or is at risk of being abused or neglected.

Reasonable grounds for a child protection or welfare concern include:

- Evidence (e.g. injury or behaviour) that is consistent with abuse and is unlikely to have been caused in any other way
- Any concern about possible sexual abuse
- Consistent signs that a child is suffering from emotional or physical neglect
- A child saying or indicating by other means that he or she has been abused
- Admission or indication by an adult or a child of an alleged abuse they committed
- An account from a person who saw the child being abused

### Threshold of Harm **An Tairseach Díobhála**

In accordance with section 2 of the Children First Act, 2015 the defined threshold of "harm" in relation to a child is as follows:

*"harm" means, in relation to a child-*
*(a) assault, ill-treatment or neglect of the child in a manner that seriously affects or is likely to seriously affect the child's health, development or welfare, or*
*(b) sexual abuse of the child,*

whether caused by a single act, omission or circumstance or a series or combination of acts, omissions or circumstances, or otherwise;"

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

"ill-treatment" *means, in relation to a child, to abandon or cruelly treat the child, or to cause or procure or allow the child to be abandoned or cruelly treated;*

"neglect" *means, in relation to a child, to deprive the child of adequate food, warmth, clothing, hygiene, supervision, safety or medical care;*

"welfare" *includes, in relation to a child, the moral, intellectual, physical, emotional and social welfare of the child."*

## Neglect Failí

Neglect occurs when a child does not receive adequate care or supervision to the extent that the child is harmed physically or developmentally. It is generally defined in terms of an omission of care, where a child's health, development or welfare is impaired by being deprived of food, clothing, warmth, hygiene, medical care, intellectual stimulation, supervision and safety.

The following are features of child neglect:

- Children being left alone without adequate care and supervision
- Malnourishment, lacking food, unsuitable food or erratic feeding
- Non-organic failure to thrive, i.e. a child not gaining weight due not only to malnutrition but also emotional deprivation
- Failure to provide adequate care for the child's medical and developmental needs, including intellectual stimulation
- Inadequate living conditions – unhygienic conditions, environmental issues, including lack of adequate heating and furniture
- Lack of adequate clothing
- Inattention to basic hygiene
- Lack of protection and exposure to danger, including moral danger or lack of supervision appropriate to the child's age
- Persistent failure to attend school
- Abandonment or desertion

*Neglect is defined as "to deprive the child of adequate food, warmth, clothing, hygiene, supervision, safety or medical care".*

The threshold of harm, at which you must report to Tusla under the Children First Act 2015, is reached when you know, believe or have reasonable grounds to suspect that a child's needs have been neglected, are being neglected, or are at risk of being neglected to the point where the child's health, development or welfare have been or are being seriously affected, or are likely to be seriously affected.

## Emotional Abuse/Ill-Treatment Mí-úsáid Mhothúchánach/Drochíde

Emotional abuse is the systematic emotional or psychological ill treatment of a child as part of the overall relationship between a caregiver and a child. Abuse occurs when a child's basic need for attention, affection, approval, consistency and security are not met, due to incapacity or indifference from their parent or caregiver.

A reasonable concern for the child's welfare would exist when the behaviour becomes typical of the relationship between the child and the parent or carer.

Emotional abuse may be seen in some of the following ways:

- Rejection
- Lack of comfort and love
- Lack of attachment
- Lack of proper stimulation (e.g. fun and play)
- Lack of continuity of care (e.g. frequent moves, particularly unplanned)
- Continuous lack of praise and encouragement
- Persistent criticism, sarcasm, hostility or blaming of the child
- Bullying
- Conditional parenting in which care or affection of a child is made contingent on his or her behaviours or actions
- Extreme over-protectiveness
- Inappropriate non-physical punishment (e.g. locking child in bedroom)
- Ongoing family conflicts and family violence
- Seriously inappropriate expectations of a child relative to his or her age and stage of development

*Ill-treatment is defined as: "to abandon or cruelly treat the child, or to cause or procure or allow the child to be abandoned or cruelly treated".*

The threshold of harm at which you must report to Tusla under the Children First Act 2015, is reached when you know, believe or have reasonable grounds to suspect that a child has been, is being, or is at risk of being ill-treated to the point where the child's health, development or welfare have been or are being seriously affected, or are likely to be seriously affected.

## Physical Abuse Mí-úsáid Chorpartha

Physical abuse is when someone deliberately hurts a child physically or puts them at risk of being physically hurt. It may occur as a single incident or as a pattern of incidents.

Physical abuse can include the following:

- Physical punishment
- Beating, slapping, hitting or kicking
- Pushing, shaking or throwing
- Pinching, biting, choking or hair-pulling

- Use of excessive force in handling
- Deliberate poisoning
- Suffocation
- Fabricated/induced illness
- Female genital mutilation

The threshold of harm, at which you must report to Tusla under the Children First Act 2015, is reached when you know, believe or have reasonable grounds to suspect that a child has been, is being, or is at risk of being assaulted and that as a result the child's health, development or welfare have been or are being seriously affected, or are likely to be seriously affected.

## Sexual Abuse Drochúsáid Ghnéasach

Sexual abuse occurs when a child is used by another person for his or her gratification or arousal, or for that of others. It includes the child being involved in sexual acts (masturbation, fondling, oral or penetrative sex) or exposing the child to sexual activity directly or through pornography.

It should be remembered that sexual activity involving a young person may be sexual abuse even if the young person concerned does not themselves recognise it as abusive.

Examples of child sexual abuse include the following:

- Any sexual act intentionally performed in the presence of the child
- An invitation to sexual touching or intentional touching or molesting of a child's body whether by a person or object for the purpose of sexual arousal or gratification
- Masturbation in the presence of a child or the involvement of a child in an act of masturbation
- Sexual intercourse with a child, whether oral, vaginal or anal
- Sexual exploitation of a child, which includes:
    - Inviting, inducing or coercing a child to engage in prostitution or the production of child pornography [ for example, exhibition, modelling or posing for the purpose of sexual arousal, gratification or sexual act, including its recording (on film, videotape or other media) or the manipulation, for those purposes, of an image by computer or other means]
    - Inviting, coercing or inducing a child to participate in, or to observe, any sexual, indecent or obscene act
    - Showing sexually explicit material to children, which is often a feature of the 'grooming' process by perpetrators of abuse
- Exposing a child to inappropriate or abusive material through information and communication technology
- Consensual sexual activity involving an adult and an underage person

If as a mandated person, you know, believe or have reasonable grounds to suspect that a child has been, is being, or is at risk of being sexually abused, then you must report this to Tusla under the Children First Act 2015. As all sexual abuse falls within the category of seriously affecting a child's health, welfare or development, you must submit all concerns about sexual abuse as a mandated person to Tusla.

Disclosures of abuse from a child or young person - *Children First National Guidance 2017 outlines that mandated persons who receive a disclosure of harm from a child, which is at or above the threshold of harm make a mandated report of the concern to Tusla.*

## Bullying

It is recognised that bullying affects the lives of an increasing number of children and can be the cause of genuine concerns about a child's welfare.

Bullying can be defined as repeated aggression – whether it be verbal, psychological or physical – that is conducted by an individual or group against others. It includes behaviours such as physical aggression, cyber bullying, damage to property, intimidation, isolation/exclusion, name calling, malicious gossip and extortion. Bullying can also take the form of identify abuse based on gender, sexual preference, race, ethnicity and religious factors. With developments in modern technology, children can also be the victims of non-contact bullying, via mobile phones, the internet and other personal devices.

School authorities are responsible for dealing with school based bullying behaviour. School authorities are required to have a code of behaviour and an anti-bullying policy in place in accordance with the Department's "Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools" (the Anti-Bullying Procedures) and Circular 0045/2013.

The Anti-Bullying Procedures define bullying as *"unwanted negative behaviour, verbal, psychological or physical conducted by an individual or group against another person (or persons) and which is repeated over time".* In the context of the AntiBullying Procedures "placing a once-off offensive or hurtful public message, image or statement on a social network site or other public forum where that message, image or statement can be viewed and/or repeated by other people" is also regarded as bullying behaviour.

School personnel should be aware of their school's anti-bullying policy and the procedures to be followed in relation to any alleged bullying incidents.

## Achoimre ar Choimeád Taifead

Sa rannóg seo déantar achoimre ar na ceangaltais maidir le coimeád taifead atá leagtha amach i 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna & Iar-bhunscoileanna 2017' agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).

**3.4.1** Tá ceangaltas ar bhaill foirne taifead scríofa a dhéanamh nuair a bhíonn amhras go ndearna mí-úsáid nó faillí ar leanaí.

**3.4.2** Tá ceangaltas ar bhaill foirne aon trácht ag an leanbh nó ag aon duine eile, maidir le conas a tharla gortú a thaifeadadh, agus na focail iarbhíre a úsáideadh a lua, a luaithe. Is gá an taifead a shíniú, a dhátú agus a thabhairt don DIA, agus coinneoidh sé/sí é.

**3.4.3** Tá ceangaltas ar an DIA taifead a dhéanamh de gach imní nó líomhain i ndáil le mí-úsáid leanaí a cuireadh in iúl dó/di.

**3.4.4** Tá ceangaltas ar an DIA cóip a choinneáil de gach tuairisc a cuireadh chuig Tusla agus taifead d'aon ghníomh breise atá le déanamh ag an DIA agus d'aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile i ndáil leis an tuairisc sin.

**3.4.5** Measfar go bhfuil na taifid uile a cruthaíodh an-rúnda agus curtha i suíomh slán.

**3.4.6** Chun taifeadadh agus rianú éifeachtach de thaifid agus de ghníomhartha a éascú, tabharfaidh an DIA cód uathúil nó sraithuimhir do gach cáschomhad um chosaint leanaí agus d'aon pháirtí dá dtagraítear sna comhaid sin. Sa chomhthéacs seo, is ionann "páirtithe" agus aon pháirtí, dá nochtfaí a n-aitheantas, go bhféadfadh leanbh a bheith aitheanta nó go bhféadfadh duine a bhfuil líomhain déanta ina leith a bheith aitheanta.

**9.4.1** Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, cuimseofar i dtuairisc an phríomhoide don bhord Tuairisc Maoirseacht Cosaint Leanaí ina mbeidh eolas faoi 4 cheannteideal:

1. Líomhaintí mí-úsáide in aghaidh baill den lucht foirne scoile
2. Ábhair imní cosaint leanaí eile faoi dhaltaí sa scoil
3. Ábhair imní cosaint leanaí ag éirí as iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí

4. Sonraí achoimre maidir le tuairisciú

**9.5, 9.6 and 9.7** Go mbainfear úsáid as cód uathúil nó sraithuimhir do gach cáschomhad um chosaint leanaí i dtaifid miontuairiscí cruinnithe Bord Bainistíochta.

**5.3.6** Is ceart do DIA ar bith atá ag cur tuairisce faoi bhráid Thusla a chur in iúl don tuismitheoir/cúramóir go bhfuiltear ag déanamh tuairisce maidir lena leanbh agus na cúiseanna leis an gcinneadh leis an tuairisc a dhéanamh. Déanfar taifead den eolas a chuir an DIA ar fáil don tuismitheoir/cúramóir. Taifeadfar cinneadh de chuid an DIA gan tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas mar aon leis na cúiseanna le gan déanamh amhlaidh.

**5.3.8** Má chinneann an DIA nach ceart ábhar imní duine de lucht foirne na scoile, ábhar imní ag múinteoir cláraithe san áireamh, a thuairisciú chuig Tusla tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn maidir leis na cúiseanna nach bhfuil aon bheart á dhéanamh don duine den lucht foirne scoile. Is ceart don DIA cóip den ráiteas seo a choimeád. Má chinneann an duine den lucht foirne scoile an imní a thuairisciú chuig Tusla is ceart dó cóip den tuairisc sin ar fáil don DIA.

**5.6.1** Áit a ndéanann tuismitheoir dalta sa scoil líomhain mí-úsáide in aghaidh baill de lucht foirne na scoile cloífidh an DIA agus an bord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí, Eiseoidh an DIA, laistigh de 10 lá scoile ón líomhain a bheith déanta fógra scríofa chuig an tuismitheoir i gceist ag dearbhú go bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar an líomhaoin sin de réir cheanglas na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017 agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). Coinneoidh an DIA cóip den chomhfhreagras sin.

**3.5.4** Áiritheoidh an bord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun go bhféadfaidh an leas-DIA rochtain a fháil ar thaifid ábhartha nuair is gá.

**8.1 3.6** Go ndéanfar aithbhreithniú bliaintiúil ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus go gcláraítear toradh an aithbhreithnithe sin agus go gcuirfear ar fáil é don Phatrún agus/nó An Roinn Oideachas má lorgaítear é.

Ní liosta uileghabhálach í seo de na taifead gur gá a choimeád agus is gá do bhaill foirne uile a chinntiú go gcoinnítear taifead de réir na ceangaltais ata leagtha amach i Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna & Iar-bhunscoileanna 2017 agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).

## Summary of Record Keeping Requirements

The section references below relate to *'Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017'* and the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)* and summarise the main record-keeping requirements set out in those procedures as follows:

**Section 3.4** sets out requirements on individual members of the school staff to record child protection concerns that they may have, including disclosures from children and any actions taken in respect of same

**Section 5.1.1** requires that the DLP shall make a written record of any concern brought to his or her attention by a member of the school staff and will place this record in a secure location

**Section 5.3.3** requires that in all cases where the DLP has sought the advice of Tusla, the DLP will retain a record of the consultation which will note the date, the name of the Tusla official and the advice given

**Section 3.4.4** requires that the DLP shall retain a copy of every report submitted by him or her to Tusla and shall keep a record of any further actions taken by the DLP and of any further communications with Tusla, An Garda Síochana or other parties in relation to that report

**Section 3.4.5** requires that all records created shall be regarded as highly confidential and placed in a secure location

**Section 3.4.6** requires that to allow for the effective recording and tracking of relevant records and actions, child protection case files and any parties referenced in such files shall be assigned a unique code or serial number by the DLP. In this context 'parties' means any party whose identity, if disclosed, might lead to the identification of a child or a person against whom an allegation has been made

**Section 9.4** requires that a Child Protection Oversight Report must be provided to the Board of Management (BoM), as part of the principal's report to the board, at every BoM meeting. The information that will be provided in this report is set out at sections 9.5 to 9.8 of these procedures

**Sections 9.5, 9.6 and 9.7** provide that the minutes of BoM meetings will record child protection matters by reference to the unique code or serial number assigned to the case/parties concerned

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

**Section 5.3.6** requires that where the DLP informs a parent/carer that a report concerning his or her child is being made, a record will be made of the information communicated by the DLP to the parent/carer. It also requires that a decision by the DLP not to inform a parent/carer shall be recorded together with the reasons for not doing so

**Section 5.3.8** requires that if the DLP decides that the concern of the member of school personnel, including that of a mandated person should not be reported to Tusla, the DLP shall give the member of the school staff a clear statement, in writing, as to the reasons why action is not being taken. A copy of this statement shall be retained by the DLP. Where that member of the school staff decides to make a report to Tusla, he or she must provide the DLP with a copy of that report

**Section 5.6** If a parent of a pupil in the school makes an allegation of abuse against a member of school personnel, the DLP shall issues a notification to a parent within 10 school days stating that the matter is being investigated in accordance with the requirements of the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools. A copy of that notification shall be retained by the DLP.

**Section 3.5.4** requires the BoM to ensure that arrangements are in place to ensure that the DDLP can access relevant records when required

**Section 8.1 3.6** requires that records of the annual review of the school's Child Safeguarding Statement and its outcome shall be retained and made available, if requested, to the patron and/or the Department.

The above is not intended to be an exhaustive list of the record keeping requirements in these procedures and school personnel should ensure that records are maintained in line with the requirements set out in these procedures.

# Ag Deighleáil le Nochtaithe ó Leanaí

Nuair a dhéanann leanbh nochtadh ar Dhrochúsáid, is gá glacadh leis go han-dáiríre. Tá sé fíorthábhachtach go ndéantar deighleáil le nochtaithe mar is cuí, ní hamháin ar son leas an linbh ach lena chinntiú nach gcuireann do chuid gníomhaíochtaí cás dlí ar bith a d'fhéadfaí a thógáil in aghaidh an drochúsáideoir i mbaol.

Má fhaigheann tú nochtadh ó leanbh ar dhíobháil atá os cionn an tairseach díobhála ní mór duit, mar dhuine faoi shainordú, dul i gcomhairle leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus tuairisc faoi shainordú a dhéanamh le Tusla. Ní fútsa atá sé fírinne na líomhaintí sin nó creidiúnacht an linbh a mheas.

Is dócha go mbeidh leanbh ar a ndearnadh mí-úsáid faoi strus mhothúchánach tromchúiseach agus b'fhéidir gur tú an t-aon duine fásta amháin a bhfuil an leanbh in ann muinín a chur iontu. Ní mór duit feidhmiú le hanchúram ionas nach ndéantar dochar don mhuinín sin.

Nuair a thairgtear faisnéis i muinín, is gá a bheith stuama & íogair maidir leis an nochtadh a fhreagairt. Beidh ort an leanbh a chur ar a s(h)uaimhneas, agus iarracht a dhéanamh muinín an linbh a choinneáil, agus ag an am chéanna a mhíniú go mbeidh ort daoine eile a chur ar an eolas faoi seo.

Tá sé tábhachtach a insint don leanbh go ndéanfar gach rud is féidir chun é/í a chosaint agus a thacú, ach gan aon ghealltanais a dhéanamh nach féidir a choinneáil, mar shampla, gealladh gan aon duine eile a chur ar an eolas faoi.

Tá sé tábhachtach déileáil le haon líomhain mí-úsáide nó faillí ar bhealach íogair, inniúil agus gairmiúil trí éisteacht leis an leanbh agus é/í a éascú chun labhairt faoin bhfadhb, seachas agallamh a dhéanamh leis an leanbh faoin méid a tharla.

Moltar an cur chuige seo a leanas mar dhea-chleachtas chun déileáil leis na nochtuithe seo:

- Freagair go socair
- Éist go cúramach agus go haireach
- Creid an leanbh
- Cuir in iúl don leanbh go ndearna sé/sí an rud ceart trí labhairt leat
- Ná geall aon rud a choinneáil faoi rún
- Cuir ceisteanna ar mhaithe le soiléireachta amháin. Ná cuir treoircheisteanna
- Seiceáil leis an leanbh go bhfuil an méid a chuala tú ceart agus gur thuig tú é
- Ná tabhair barúil ar bith faoin mí-úsáideoir líomhnaithe

- Cinntigh go dtuigeann an leanbh na nósanna imeachta atá le leanúint ina dhiaidh
- Déan taifead scríofa den chomhrá a luaithe is féidir, ina bhfuil an oiread sin mionsonraí agus is féidir
- Tuairiscigh an nochtadh don DIA nó an Leas-DIA gan mhoill
- Déileáil leis an bhfaisnéis go rúnda, faoi réir na riachtanas den Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus na reachtaíochta ábhartha

Ní mór cuimhneamh i gcónaí go bhfuil ról tacaíochta, ní ról imscrúdaitheach ag an lucht foirne scoile.

**Nótaí Tábhachtacha**

- Ní mór freagra a thabhairt ar aon fhorais réasúnta imní. Trí neamhaird a dhéanamh ar rud a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha mí-úsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach a dhéanamh don leanbh.
- Is gá gníomhú ar an tslí chéanna má déantar nochtadh ar dhrochúsáid a tharla san am atá thart, mar go mbeidh sé tábhachtach a fháil amach an bhfuil an drochúsáideoir sin fós ag obair le leanaí nó go bhfuil teacht aige/aici ar leanaí.
- Níl dabht ar bith ach go bhfuil sé fíor-dheacair deighleáil le líomhain drochúsáide ar leanbh a cuirtear in aghaidh comhghleacaí ar fhoireann na scoile ach is gá glacadh leis go han-dáiríre agus deileáil leis go cúramach agus go féaráilte.

## Dealing with Disclosures from Children

When a child does disclose abuse, this needs to be taken very seriously. It is important that any disclosure is dealt with appropriately, both for the wellbeing of the child and also to ensure that your actions do not jeopardise legal action against the abuser.

If as a mandated person, you receive a disclosure of harm from a child, which is above the thresholds, you must consult with the Designated Liaison Person (DLP) and make a mandated report of the concern to Tusla. You are not required to judge the truth of the claims or the credibility of the child.

An abused child is likely to be under severe emotional stress and you may be the only adult whom the child is prepared to trust. Great care shall be taken not to damage that trust. When information is offered in confidence, you will need tact & sensitivity in responding to the disclosure.

You will need to reassure the child, and endeavour to retain his or her trust, while explaining the need for action which will necessarily involve other adults being informed. It is important to tell the child that everything possible will be done to protect and support him or her, but not to make promises that cannot be kept e.g. promising not to tell anyone else.

It is important to deal with any allegation of abuse or neglect in a sensitive, competent and professional way through listening to and facilitating the child to tell about the problem, rather than interviewing the child about details of what happened.

The following approach is suggested as best practice for dealing with these disclosures:

- React calmly
- Listen carefully and attentively
- Take the child seriously
- Reassure the child that they have taken the right action in talking to you
- Do not promise to keep anything secret
- Ask questions for clarification only
- Do not ask leading questions
- Check back with the child that what you have heard is correct and understood
- Do not express any opinions about the alleged abuser
- Ensure that the child understands the procedures that will follow
- Make a written record of the conversation as soon as possible, in as much detail as possible
- Report the disclosure to the DLP or Deputy DLP without delay

**Athbhreithnithe 22ú Deire Fómhair 2025**

- Treat the information confidentially, subject to the requirements of the Children First National Guidance 2017 and relevant legislation

It must always be remembered that school personnel have a supportive, not an investigative role.

**Important Notes**

- Any reasonable grounds for concern must elicit a response. Ignoring what may be symptoms of abuse could result in ongoing harm to the child.
- The same action should be taken if the allegation is about abuse that has taken place in the past, as it will be important to find out if the person is still working with or has access to children
- Dealing with an allegation that a colleague on the school staff has abused a child is difficult but must be taken seriously and dealt with carefully and fairly

## Tuairisc an Phríomhoide

Tá an méid seo a leanas bunaithe ar an tréimhse ó bhí an cruinniú boird deireanach ann.

Dáta __/__/__

**Líomhaintí faoi mhí-úsáid i gcoinne phearsanra scoile:**

| | |
|---|---|
| Líon na dtuairiscí faoi mhí-úsáid déanta go Tusla i gcoinne duine de phearsanra scoile. | |
| Líon na gcásanna ina lorg an TA comhairle ó Tusla faoi mhí-úsáid i leith duine de phearsanra scoile agus nár tuairiscíodh é bunaithe ar chomhairle ó Tusla. | |
| Líon na gcásanna inar deineadh líomhain i leith duine de phearsanra scoile agus nár lorg an TA comhairle Tusla & nár tuairiscíodh an cheist go Tusla. | |
| Líon na gcásanna inar deineadh líomhain i leith duine de phearsanra scoile agus nár tuairscíodh go Tusla é ag an TA in ainneoin chomhairle ó Tusla gur chóir é a thuairisciú. | |

**Cúiseanna eile imní Chosaint Leanaí nach mbaineann le pearsanra scoile:**

| | |
|---|---|
| Líon na gcásanna inar sheol duine de phearsanra scoile tuairisc go Tusla cé gur chinn an TA nárbh fhiú é a thuairisciú. | |
| Líon cásanna inar lorg an TA comhairle Tusla faoi imní maidir le páiste sa scoil agus gur thug Tusla comhairle nár chóir an t-ábhar a thuairisciú. | |
| Líon na gcásanna inar lorg an TA comhairle Tusla faoi ábhar buartha faoi pháiste sa scoil agus gur thug Tusla comhairle gur chóir é a thuairisciú agus nár dhein an TA an t-ábhar sin a thuairisciú. | |

**Cúiseanna Imní chosaint páistí ag eirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí:**

| | |
|---|---|
| Líon na gcásanna inar thuairiscigh an TA cúis imní faoi pháiste ag éirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí. | |
| Líon na gcásanna inar lorg an TA comhairle Tusla faoi ar chóir cúis imní a thuairisciú faoi pháiste ag eirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí. | |

**Achoimre sonraithe i dtaobh tuairisciú:**

| | |
|---|---|
| Líon iomlán tuairiscí déanta le Tusla ag an TA. | |
| Líon iomlán na dtuairiscí sainordaithe. | |
| Líon iomlán na dtuairiscí a bhaineann le pearsanra scoile. | |
| Líon iomlán na gcásanna inar lorg an TA comhairle ó Tusla agus de thoradh na comhairle seo nár deineadh aon tuairisciú. | |
| Líon iomlán na gcásanna a bhaineann le pearsanra scoile inar lorg an TA comhairle ó Tusla agus de thoradh na comhairle seo nár deineadh aon tuairisciú. | |
| Líon iomlán na gcásanna inar thug duine de phearsanra scoile cóip don TA de thuairisc a bhí seolta acu go Tusla faoi ábhar a cheap an TA nár ghá tuairisc sainordaithe a dhéanamh. | |
| Líon iomlán na gcásanna inar thug duine de phearsanra scoile cóip don TA de thuairisc a bhí seolta acu go Tusla faoi ábhar a cheap an TA nár ghá tuairisc sainordaithe a dhéanamh agus baineann an cás le pearsanra scoile. | |